# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010**

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

**RÉIMSE STAIDÉIR : AN LUATHAOIS, 1492 – 1815**

**Scrúdú scríofa: 400 marc**
**Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

**DÉ CÉADAOIN, 16 MEITHEAMH, TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50**

***Treoracha d'iarrthóirí:***

Tabhair faoi na Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**
Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 1)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**
Éire: Na topaicí 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

- **Roinn 3 (200 marc)**
An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 1*

**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn Thúdarach, 1494-1558**

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Mná agus pósadh faoi dhlí na nGael***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) Mar atá luaite i ndoiciméad A, cén fáth a bhfuil an oiread sin póstaí Éireannacha neamhdhlistineach?
   (b) Mar atá luaite i ndoiciméad A, cé atá mar pháirtithe ag go leor fear Éireannach in ionad banchéilí?
   (c) Mar atá luaite i ndoiciméad B, conas is féidir le fir colscaradh a fháil?
   (d) Mar atá luaite i ndoiciméad B, an lorgaíonn fir chéile cúis chóir i gcónaí don cholscaradh? Mínigh do fhreagra. (20)

2. (a) An bhfuil na doiciméid ar aon fhocal maidir le dearcadh na nÉireannach ar an gcolscaradh? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

   (b) Seachas an colscaradh, an bhfuil na doiciméid ar aon fhocal maidir le dearcadh na nÉireannach ar an bpósadh? Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

   (20)

3. (a) Cé acu doiciméad, A nó B, a thugann an léiriú is luachmhaire ar an saol in Éirinn na nGael? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

   (b) Cé acu doiciméad, A nó B, is oibiachtúla mar fhoinse? Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

   (20)

4. Cén ról a bhí ag mná i sochaí na nGael?

   (40)

## - Doiciméad A -

**Is éard atá sa doiciméad seo a leanas ná sliocht leasaithe as *Two Bokes (Books) of the Histories of Ireland* le Edmund Campion (1540-1581), scoláire Sasanach a raibh roinnt taithí aige ar Éirinn.**

Tá beag is fiú déanta ag na hÉireannaigh de staid onórach an phósta. Déanann siad conarthaí pósta atá neamhdhlisteanach mar go bpósann siad laistigh d'fhorógraí toirmiscthe an dlí Chanónta agus Leviticus. Idirscarann siad de réir mar is toil leo. Déanann siad neamhshuim de shollúntacht shacraimint an phósta.

Coinníonn siad mná luí nó striapacha in ionad banchéilí. Sea, fiú go dtí an lá atá inniu ann, áit a bhfuil an chléir bog [lag], is féidir leis na hÉireannaigh a bheith sásta pósadh ar feadh bliana agus lá ar promhadh. Ag deireadh na bliana bíonn siad toilteanach an bhean a chur chun an bhaile mar gheall ar aighneas fánach, murar féidir le cairde na mná uaisle éiric a bhaint amach as ucht an dochair.

(Foinse: Edmund Campion, *Two Bokes of the Histories of Ireland,* Van Gorcum, Assen, 1963.)

## - Doiciméad B -

**Thug Gráinne Ní Mháille fianaise faoi spré agus cearta ban colscartha agus baintreacha i bhfreagraí scríofa ar cheisteanna a cuireadh uirthi in 'the Articles of Interrogatory' atá caomhnaithe i bPáipéir Stáit na bliana 1595. Is sliocht leasaithe é an doiciméad seo a leanas.**

Sula ndéanann aon bhean a sciar pósta [spré] a thabhairt ar láimh dá fear céile faigheann sí urraí. Faigheann sí urrúis, de réir dlí, go mbeidh a spré le fáil ar ais aici, ar an dóigh chéanna agus sa riocht céanna inar thug sí uaithi í. Teastaíonn na hurrúis uaithi mar nach mbíonn aon mhaoin ag fir chéile le fágáil ina ndiaidh, go háirithe taoisigh, a mbíonn costais mhóra orthu. Go deimhin, is minic iad a bheith i bhfiacha nuair a fhaigheann siad bás.

Ag amanna eile bíonn mná idirscartha mar go bhfuil cruthúnas go raibh conradh pósta ag an bhfear céile le bean eile roimhe sin. Anois agus arís, cuireann an fear céile a bhanchéile uaidh agus tógann sé isteach bean eile, gan bacadh le haon imeachtaí dleathacha nó cuí. Mar sin, ní mór don bhanchéile urraí a bheith aici dá spré ar eagla na heagla.

(Foinse: Anne Chambers, *Granuaile: Ireland's Pirate Queen 1530-1603*, Gill and Macmillan, Baile Átha Cliath, 2009 (an seachtú heagrán).)

## ROINN 2: ÉIRE
**Freagair ceist amháin as topaic amháin thíos.**

*Éire: Topaic 2*
### Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558 - 1603

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na bealaí a raibh Séan Ó Néill lag agus cad iad na bealaí a raibh sé láidir? (100)
2. Cén fáth ar pleanáladh Plandáil na Mumhan agus cé chomh mór agus a cuireadh na pleananna sin i bhfeidhm? (100)
3. Cén fáth a raibh gairm chléireachais Meiler Magrath suntasach in Éirinn i réimeas Eilíse? (100)
4. Cé chomh mór agus a bhí Aodh Ó Néill agus a chomhghuaillithe ina mbagairt do chumhacht na dTúdarach in Éirinn agus conas a dhéileáil Eilís I leis an mbagairt sin? (100)

*Éire: Topaic 3*
### An ríocht in aghaidh na coilíneachta – an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar thug Séamas I faoi pholasaí plandála a chur i bhfeidhm in Éirinn agus cé chomh mór agus a d'éirigh lena pholasaí le linn a réimis? (100)
2. Cén tionchar a bhí ag coláistí Éireannacha thar lear (lena n-áirítear Lováin) ar an bhFrith-Reifirméisean in Éirinn? (100)
3. Cad iad na seasaimh pholaitiúla éagsúla a ghlac na Gaeil, na Sean-Ghaill agus na Nua-Ghaill le linn na gcogaí in Éirinn, 1641-1651? (100)
4. Cad iad na hathruithe in úinéireacht talún agus i gcumhacht pholaitiúil a tharla mar thoradh ar fheachtas Chromail in Éirinn? (100)

*Éire: Topaic 4*
### Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tábhacht a bhain le leasríthe Urmhumhan (1662-1669 agus 1677-1685) maidir le hÉirinn sa seachtú haois déag? (100)
2. Cén fáth ar féachadh ina dhiaidh sin ar Chonradh Luimnigh, 1691, mar tharlú an-tábhachtach i stair an hÉireann? (100)
3. Cad a chuir na filí Seacaibíteacha leis an gcultúr Éireannach lena linn? (100)
4. Le linn na tréimhse 1660-1715, cé chomh mór agus a bhí rath ar thrádáil na hÉireann i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha seo a leanas: beostoc; olann; soláthairtí; iasc; línéadach? (100)

*Éire: Topaic 5*

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta – teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715 - 1770**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a chuaigh an Cogadh Seacht mBliana i bhfeidhm in Éirinn? (100)
2. Le linn na tréimhse 1715-1770, conas a bhunaigh na Ponsonbys iad féin mar cheann de na teaghlaigh pholaitiúla ba mhó in Éirinn a bhí istigh leis an lucht ceannais? (100)
3. Le linn na tréimhse 1715-1770, cé chomh mór agus a bhí rath ar thrádáil na hÉireann i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha seo a leanas: soláthairtí; línéadach; grúdaireacht? (100)
4. Cad a chuir Dean Swift agus/nó Turlach Ó Cearalláin le cultúr a linne? (100)

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a tháinig Henry Grattan chun cinn, agus cé chomh héifeachtach agus a chuir sé le gnóthaí na hÉireann? (100)
2. Le linn na tréimhse 1770-1815, conas a d'athraigh bail na gCaitliceach maidir le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: go sóisialta; go reiligiúnach, go polaitiúil? (100)
3. Cé chomh mór agus a bhí éirí amach 1798 ina tharlú réigiúnach chomh maith le bheith ina tharlú poblachtach? (100)
4. Conas a chuaigh Béal Feirste chun cinn le linn na tréimhse, 1770-1815 agus cad ba chúis leis an dul chun cinn sin? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic thíos a roghnaíonn tú.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

### An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén struchtúr a bhí ag an Impireacht Naofa Rómhánach faoi Shéarlas V agus conas a riar sí a caidreamh idirnáisiúnta? (100)
2. Cad a chuir Niccolo Machiavelli agus/nó Desiderius Erasmus leis an gcultúr Eorpach lena linn? (100)
3. Conas a rinne calafort Sevilla dul chun cinn sa séú haois déag agus cén fáth? (100)
4. Cén ról a bhí ag Calvin sa Reifirméisean? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

### Creideamh agus cumhacht: polaitíocht sa séú haois déag déanach, 1567-1609

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a chuir Liam Tostach le briseadh amach agus le rathúlacht réabhlóid na hÍsiltíre? (100)
2. Conas a tháinig meath ar rathúlacht Antuairp le linn na tréimhse, 1567-1609 agus cén fáth ar tharla sé sin? (100)
3. Cé acu ab fhearr a dhéileáil le fadhbanna creidimh, Eilís I nó Catherine de Medici? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don bheirt acu. (100)
4. Cad iad na forbairtí ba thábhachtaí a tharla sa chlódóireacht agus sa litríocht phobail le linn na tréimhse, 1567-1609. (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

### Éiclips na Sean-Eorpa, 1609-1660

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a d'fhreagair an Spáinn do dhúshláin inmheánacha agus sheachtracha le linn na tréimhse, 1609-1660? (100)
2. Cad iad na forbairtí a chuir le hathrú bunreachtúil i Sasana, 1609-1660? (100)
3. Cad iad na príomhfhorbairtí sóisialta agus eacnamaíochta a tharla san Eoraip, 1609-1660? (100)
4. Cé fáth a bhfaca an Chúistiúnacht Galileo mar bhagairt agus conas a dhéileáil siad leis? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tábhacht a bhain le cúirt Versailles le linn réimis Louis XIV? (100)
2. Cad a rinne Peadar Mór chun an Rúis a dhéanamh níos nua-aimseartha agus chun a teorainneacha a leathnú ? (100)
3. Conas a ghluais tráchtálú na talmhaíochta agus/nó leathnú na gcathracha ar aghaidh le linn na tréimhse, 1660-1715 ? (100)
4. Cad iad na tosca ba chúis le hathghairm mhonarcacht na Stíobhard i Sasana agus lena turnamh ina dhiaidh sin? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad é an *Encyclopédie* agus cén fáth a raibh tábhacht idirnáisiúnta leis? (100)
2. Conas a d'fhorbair an Phrúis faoi Fheardorcha Liam I agus faoi Fheardorcha Mór? (100)
3. Cén saol laethúil a bhí ag sclábhaithe sna hIndiacha Thiar agus conas a chuir na plandálacha sclábhaithe leis an trádáil idirnáisiúnta? (100)
4. Cad ba bhun le héirí amach na gcoilíneach Meiriceánach i gcoinne riail na Breataine agus conas a chuidigh an *Boston Tea Party* le tús a chur leis an éirí amach? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na cúiseanna a bhí le Réabhlóid na Fraince? (100)
2. Cén fáth ar dhiúltaigh go leor den chléir do Bhunreacht Sibhialta na Cléire agus cad iad na hiarmhairtí a bhain leis an diúltú sin ó thaobh na Fraince de? (100)
3. Conas a d'athraigh an Réabhlóid Thionsclaíoch Manchain? (100)
4. Cén míniú atá agat ar na buanna luatha a bhain Napoléon amach agus ar a bhriseadh sa deireadh? (100)

Leathanach Bán